



Thugamar féin an Samhradh linn!

TAOBH ISTIGH:

| | |
|--|----|
| Ceacht beag | 2 |
| Coinne | |
| chinniúnach | 2 |
| Éin ar Chladach | |
| Bhré | 3 |
| Scéal grinn | 3 |
| Gliarí na Róimhe | 4 |
| Turas teanga? | 4 |
| Tom Crean - laoch an Mhoil Theas | 5 |
| Féilte i gCarna | 5 |
| An Másailéam ag Halacarnasas | 6 |
| Mai Yatani is ainm dom | 6 |
| Smaointí fánacha | 7 |
| Eiseamláir dúinn ón Tuaisceart | 7 |
| La Palma sna hOileáin Chanáracha | 8 |
| Réchúiseach? | 8 |
| Plútón agus New Horizons | 9 |
| 1916 agus an Ghaeilge | 9 |
| Crosfhocal & Cuardach focal | 10 |
| An scríbhneoir ar an mballa | 11 |
| Na bróga cailte | 11 |
| Meitheal Dúchas - obair dheonach don Fhómhar | 12 |



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 2 EAGRÁN 4

IÚIL-LÚNASA 2015

CEILIÚRADH MÓR i WYNN'S

Bhí teacht le chéile de na maidineacha caife ar an 19 Mheitheamh in Óstlann Wynn. D'eagraigh Ben Mac Lochlainn agus a bhean chéile, Phyllis, an ócáid. Bhí rian a gcuid oibre le feiceáil sa seomra inar tháinig na daoine éagsúla le chéile. Bhí an áit maisithe go gleoite le bratacha trídathacha agus liostaí de na Maidineacha Caife (MC) éagsúla atá ar siúl anois ar fud na cathrach. Bhí 120 duine i láthair ar an oíche, uimhir a chur ionadh ar a lán. Taispeánann an uimhir seo scil Bhen chun daoine a mhealladh don Ghaeilge! Is dócha go raibh an méid céanna nach raibh in ann bheith ann ar an oíche de dheasca laethanta saoire agus araile. Thug méid an slua ardú meanman do gach duine a bhí sa seomra. Nílimid inár n-aonair. Bhí deis againn aithne a chur ar dhaoine ó MC eile agus b'in buntáiste mór na hoíche. Cén MC is fearr an gceapann tú? Cén ceann is bríomhaire? Cén ceann is cliste? Cén ceann is fearr ag canadh nó ag damhsa? B'fhéidir go mbeidh comórtais idir na MC éagsúla amach anseo chun na ceisteanna seo a fhreagairt! Bhí ceol againn ar an oíche cé go raibh cúthaileacht ar chuid againn ár nguth a chur leis na cúrfánna ([choruses](#))! Caithfidh mé cúpla amhrán a fhoghlaim chun go mbeidh mé réidh don chéad teacht le chéile eile.

Tús maith a bhí ann agus bhí Ben "meán sásta" leis! Beidh lá eile ag an Lochlannach! Má tá aon mholtaí agat conas tógáil ar an mbunchloch seo tabhair do Ben iad nuair a chasfaidh tú air ag na MC. Ní gá go mbeidh gach teacht le chéile mar an gcéanna. Is féidir linn rudaí éagsúla a thriail diaidh ar ndiaidh. Bí ag smaoineamh agus ná déan dearmad an Ghaeilge a labhairt sa bhaile agus tú thar lear.



Rae Ó Ceallaigh, Stiofán Ó hAoláin, Ben Mac Lochlainn agus a bhean chéile, Phyllis

CEAHT BEAG GAELIGE: AN tALT AGUS AN TUISEAL AINMNEACH



Sa Ghaeilge tá dhá fhoirm den alt (**article**), “an” agus “na”. Sa tuiseal Ainmneach/Cuspóireach úsáidtear “an” san uimhir uatha agus “na” san uimhir iolra. Tá tábhacht le hinscne an ainmfhocail agus leis an chéad litir san fhocal nuair atá tú ag úsáid an ailt.



| | firinscneach | baininscneach |
|--|--|--|
| Ainmfhocal dár tús guta | an t -easpag urú ach gan fleiscín le ceannlitir An tUachtarán | an abhainn an eotanáis an iris an obair an uaigh |
| Ainmfhocal dár tús consan | an bainisteoir | an b hean séimhiú |
| Ainmfhocal dár tús “d” nó “t” | an duine an tionscadal | an deirfiúr an tine |
| Ainmfhocal dár tús “s” ach amháin sc-, sf-, sm-, sp-, st- | an sagart an scadán an sféar an smál an sparán an stuara | an t siúr an t seanbhean urú an scaglann an sféarúlacht an smig an spéir an stailc |



COINNE CHINIÚNACH

Pádraig Mac Éil

Ba é Cath Theach na Cúirte Appomattox ar maidin 9 Aibreán 1865, céad agus caoga bliain ó shin, ceann de na cathanna deireanacha de Chogadh Cathartha (**Civil War**) Stáit Aontaithe Mheiriceá (1861-1865). Bhí an Ginearál Robert E. Lee agus Arm Thuaisceart Virginia tar éis Richmond, príomhchathair Stáit Chónaidhme Mheiriceá (**Confederates States of America**), a thréigean agus bhí siad ag iarraidh nasc le fórsaí na Cónaidhme in Carolina Thuaidh, ach chuir saighdiúirí an Aontais, faoi cheannas an Leifteanantghinearál Ulysses S Grant, stop leo ag Appomattox, Virginia. Ní raibh aon rogha ag Lee ach géilleadh (**surrender**).

Tháinig Lee agus Grant le chéile i dteach Wilmer McLean. Bhí Lee gléasta in éide ghlan néata. Shroich Grant teach na cúirte (**court house**) in éide a bhí draoibheáilte (**spattered with mud**).

Bhí an chomha (**terms of peace**) tabhartasach (**generous**). Síniódh na cáipéisí ghéillte i bparlús an tí um thráthnóna 9 Aibreán. Bhí searmanas foirmiúil (**formal**) ar an 12 Aibreán chun Arm Thuaisceart Virginia a dhíscoir (**disband**) agus promhadh (**parole**) a thabhairt dá oifigigh agus dá ghnáthshaighdiúirí.



ÉIN AR CHLADACH BHRÉ

Rita Ní Ghóilín

Is minic a fheictear éin ar Chladach Bhré (**Bray Seafront**), ní hamháin na healaí (**swans**), na lachain (**ducks**) agus, uaireanta, na géanna (**geese**) a bhíonn de ghnáth ag an chuan, agus ar ndóigh na faoileáin (**gulls**) freisin (nach n-ainmnítear an fhoireann sacar áitiúil as na héin sin?) - ach bíonn go leor éan de shaghsanna eile ann freisin. Na préacháin (**crows**) agus na cága (**jackdaws**) agus na fiacha dubha (**ravens**) atá gaolta leo chomh maith leis na colúir (**pigeons**) agus, mo léan, na druideanna (**starlings**). Is iad na druideanna is mó a dhéanann núis (**nuisance**) díobh féin agus praiseach (**mess**) de na suíocháin taobh amuigh de na caiféanna, go háirithe san Earrach nuair a bhíonn go leor dá gcuid leanaí ina sluaite ag lorg bia.

Déanann daoine (**mistake**) botún nuair a thugann siad píosaí aráin nó a leithéid de bhia do na héin seo. Is é an fhadhb ná nach bhfuil ‘leithris’ ag na héin ná smacht acu orthu féin, agus mar sin déanann siad gach uile áit salach. Ní hamháin sin, ach ní féidir bia ar bith a fhágáil ar na boird fiú soicind amháin, nó tiocfaidh tú ar ais agus feicfidh tú dó nó trí de na lotnaidí (**pests**) sin, do bhrioscáin phrátaí (**potato crisps**) a bhfaigheann tú le do cheapaire (**sandwich**) á gcaitheamh suas san aer óna ngob, is na héin chéanna ina suí timpeall an bhabhla (**bowl**) siúcra - sin an áis is giorra do leithreas atá acu!



Le déanaí, rinne na caiféanna iarracht fáil réidh leo - i gceann amháin tá meaisín ann a dhéanann fuaim d’ éan in anacair (**distress**) gach cúpla nóiméad. Níl mé cinnte nach bhfuil sin níos measa ná na héin féin! Agus i gcaifé eile tá saghas eitleoige (**kite**) i bhfoirm faoileáin ag eitilt go hard san aer os comhair an chaifé. Ádh mór dóibh!

SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Antóin Ó Seaghdha

Lá amháin bhí mo bhean chéile in oifig an phoist a bhí suite in aice margadh beithíoch. Bhí sé beagnach a haon a chlog, é sin am lóin don oifig agus dúnann siad ar feadh uaire. Bhí fógra mór ar an mballa, “**Lón 1-2**”.

Tháinig beirt fheirmeoirí isteach ón tsráid agus léigh siad an fógra. Suas leo go dtí an cuntar. D’iarr an bhean a bhí taobh thiar den chuntar orthu cad ba mhian leo.


“*Cad atá ar an mbiachlár i gcomhair an lóin?*”, a d’fhiafraigh an chéad fhear, “*tá mé stiúgtha leis an ocras*”.

Ní raibh fhios dá laghad ag an gcúntóir bocht cad a bhí i gceist aige. “*Ba mhaith liom stéig agus sceallóga*”, arsa fear amháin.

“*Ba mhaith liomsa bagún agus cabáiste*”, arsa an feirmeoir eile.

“*Nach bhfuilimid díreach in am don lón*”, dúirt sé agus é ag síneadh méire i dtreo an fhógra ar an mballa. Thóg sé scaitheadh ar an gcúntóir sular tuigeadh an scéal di. Thosaigh sí ag gáirí ansin agus ní raibh sí in ann stopadh.

Ní “**Kerryman joke**” é seo. Tharla sé i mBaile Átha Cliath.



Foclóirín

bean chéile - **wife**; suite in aice - **situated beside**; margadh beithíoch - **cattle-market**; beagnach - **almost**; am lóin - **lunch time**; ar feadh uaire - **for an hour**; fógra - **notice**; cuntar - **counter**; biachlár - **menu**; i gcomhair - **for**; stiúgtha leis an ocras - **starving**; stéig - **steak**; cúntóir - **assistant**; sceallóga - **chips**; cabáiste - **cabbage**; díreach in am - **in good time**; ag síneadh méire - **pointing**; i dtreo - **towards**; thóg sé scaitheadh - **it took a while**; sular tuigeadh an scéal di - **before the penny dropped**; in ann - **able**;

GLIAIRÍ NA RÓIMHE

Seán Ó Fearghail

Bhíodh gliairí (**gladiators**) móra na Róimhe ársa ina réaltaí láithreach troda an amfaitéatair (**amphitheatre**), cosúil le réaltaí peile an lae inniu.



An féidir a shamhlú go gcuirfí Ronaldo chun báis tar éis cluiche peile a chailleadh? Caolseans! Bhuel, ní fhéadadh na Rómhánaigh a leithéid a shamhlú ach an oiread. Phlódaídis isteach sna hamfaitéatair chun na laochra ab fhearr dóibh a fheiceáil agus dá mba rud go marófaí aon duine acu, nó fiú dá ngortófaí go dona é, ní thiocfadh na sluaite ar ais don chéad chluiche eile.

Roimh na hócáidí móra chrochtaí póstaear a mbíodh ainm na ngliairí móra orthu ar chuailí (**posts**) ar fud na cathrach - ní hamháin sa Róimh, áit a raibh an Colasaem inti mar cheann de na foirgnimh ba mhórthaibhsí (**impressive**), ach in gach aon cheann de 385 chathair na hImpireachta a raibh amfaitéatar aici. Bhíodh na sluaite ag teacht chun na réaltaí clúiteacha sin a fheiceáil - agus ní b'fhearr fós dá mbeadh beirt réaltaí móra le rá chun troid in éadan a chéile.



Agus thuillidís airgead mór freisin.

Ba sclábhaithe iad an-chuid de na gliairí, ach ba dhaoine saora iad an-chuid eile acu agus d'fhéadfaidís margadh maith a dhéanamh agus tuarastal a fháil a chuirfeadh náire ar imreoirí móra peile an lae inniu. D'fhaigheadh an *lanista* - sin úinéir scoil traenála – méid áirithe airgid as gach gliaire a chuireadh sé ar fáil ag na cluichí. Dar le hordú an Impire Augustus bhí sé mar cheart ag an ngliaire den aicme is ísle, ba chuma sclábháí nó duine saor é, ar a laghad 20% den mhéid sin a fháil as bheith ag troid. Ó rud é go mbíodh ar úinéir na scoile íoc as an oiliúint (**training**), as na hairm agus as lóistín agus bia is léir go mbeadh an gliaire in ann an t-airgead sin a chaitheamh mar ba mhian leis. In aon ghnáthbhliain bheadh an gliaire ba lú stádas ag súil le beagáinín ní ba mhó a thuilleamh (**earn**) ná léigiúnach (**legionary** - coisithe príobháideach), ach seans ní b'fhearr aige go mairfeadh sé go dtí deireadh na bliana.

TURAS TEANGA??

Nodlaig Ó Scurlóig

Fadó, fadó chuaigh scata Éireannach ar bord eitleán ag dul go dtí an Spáinn. Nuair a shroich an t-eitleán an airde cheart d'fhág an píolóta an cábán píolóta chun bualadh leis na paisinéirí agus chun caint leo. Dúirt sé go raibh sé réidh aon cheist a bhí acu a fhreagairt. Dúirt duine amháin dó “Tá cuma ar an inneall deasbhord (**starboard engine**) nach bhfuil sé ag feidhmiú; an bhfuil rud cearr leis? “Níl”, arsa an captaen, “ach sin an t-inneall Gaelach agus ní bhainimid úsáid as. Tá an t-inneall Sasanach ar an clébhord (**port side**) go maith agus is féidir leis an eitleán seo gluaiseacht ar inneall amháin.” “Ach”, arsa an paisinéir, “nach bhfuil an t-inneall ar dheis in ann feidhmiú go maith freisin?” “Bhí sé”, arsa an captaen, “ach táimid as cleachtadh leis anois.” Bhí cruinniú práinneach (**emergency meeting**) ag na paisinéirí agus dúirt urlabhraí (**spokesperson**) uathu leis an gcaptaen, “cuir an t-inneall deasbhord ar siúl díreach nó beidh tusa i do ghlantóir ar leithris shalacha go gairid.” Chuir an captaen an t-inneall deasbhord ar siúl go tapa. Bhí turas maith acu agus caith siad saol sona sásta as sin amach!

TOM CREAN—LAOCH AN MHOIL THEAS - I Muireann Conway

An Fheabhra seo caite di'imigh m'fhear céile agus fiche Éireannach eile ar thuras go dtí An tAntartach. Ba mhór an chraic a bhí acu agus iad ag smaoineamh ar Shackleton agus Tom Crean agus ar Éireannaigh eile a chaith tréimhsí san ilchríoch (**continent**) reoite sin céad bliain ó shin agus a bhain clú agus cáil amach.



Ach cad faoi Tom Crean féin? Rugadh Tom in Abhainn an Scáil i gCo. Chiarraí. Bhí deichniúr sa chlann agus cónaí orthu ar fheirm. Nuair nach raibh sé ach bliain déag d'aois liostáil sé sa Chabhlach Ríoga (**Royal Navy**) agus lean sé ag seoltóireacht ar bord long ar feadh roinnt mhaith blianta. Bhí saol crua ag mairnéalaigh an t-am sin ach b'aoibhinn le Tom a bheith ar an bhfarraige.

Tharla go raibh Tom Crean sa Nua Shéalainn i 1910 nuair a bhí an Captaen Robert Scott ag roghnú foirne chun dul ar thuras go dtí an tAntartach (*Turas Taiscealaíochta Terra Nova*). Fuair Tom deis (**opportunity**) dul. B'iontach an deis í seo mar b'in ceann de na gcéad thurais riamh ar an gceantar contúirteach sin. Bhí an-mheas ag gach uile dhuine ar Tom. Bhí sé go maith ag obair, bhí sé cróga, láidir agus bhí spraoi ag baint leis. Is dócha gurbh é an fáth céanna gur iarr Shackleton air teacht in éineacht leis ar thuras eile go dtí an tAntartach cúpla bliain ina dhiaidh sin. Ach an uair seo bhí Scott ag iarraidh dul an bealach ar fad go dtí an Mol Theas (**South Pole**). Bhí sé ag súil gurbh é féin an chéad duine riamh a bhainfeadh an áit amach.

Nuair a shroich Scott agus a fhoireann an tAntartach bhí orthu taisteal na céadta míle ar an sneachta. Bhí aistear fada de ocht gcéad míle le siúl acu agus iad ag tarraingt gcairr sleamhnáin sneachta (**snow sledges**) móra. Ní raibh ach céad caoga míle fágtha le déanamh acu nuair a shocraigh Scott go rachadh sé féin agus ceathrar eile chomh fada leis an Mol. Bheadh ar thriúr den grúpa filleadh ar ais go dtí an bunchampa (**base camp**) agus fanacht ansin.

Níor roghnaigh Scott Crean mar dhuine den cheathrar chun dul leis. Ní fheadair cén fáth. Ar aon nós d'iarr Scott ar Crean agus ar bheirt eile, Bill Lashly agus Teddy Evans, filleadh ar ais go dtí an bunchampa. Bhí Tom bocht croí briste. Is é an rud a scríobh Scott ina dhialann an oíche sin ná "*Poor old Crean wept*".



FÉILTE i gCARNA

Fhéile Siúlóid Charna 25-27 Meán Fómhair

Siúlóid Portaigh (€2), Siúlóid Cladaigh (€15), Turas ar bád seoil go Cruat na Cara (€20, don chéad fiche a chláraíonn), Siúlóid Cladaigh Mhainse (€10), Siúlóid go dtí an baile tréigthe Seannach Domhnaill (€5)

Clarú: Óstlann Chuan Charna

Dé hAoine 17.00-19.00; Dé Sathairn 9.00-9.30

Teagmháil: Joan Barrett 087 6459524

Damhnait Bhreatnach bdamhnait@yahoo.ie
www.facebook.com/carnawalkingfestival

Éigse Chomórtha Mhícael Mháire Ghabha 23-25 Deireadh Fómhair

Ceardlann uirlisí ceoil, seisiúin, amhráin, damhsa agus go leor eile

Teagmháil:

michaelmhaireghabha@hotmail.com



AN MÁSAILÉAM AG HALACARNASAS

Pádraig Mac Éil

Tuama ab ea an Másailéam a bhí suite i Halacarnasas (Bodrum, sa Tuirc sa lá atá inniu ann), príomhchathair ríochta bige san Áis Bheag. Tógadh é 353-350 RC. Thóg Artemisia II é dá fear céile (agus a deartháir freisin), Mausolus a bhí ina satrap in Impire na Peirse, nuair a fuair sé bás i 353 RC. Bhí siad i gcumhacht ar feadh 24 bhliain. Tagann an focal másailéam (tuama nó uaigh atá os cionn talún) ó ainm an rí. Cé nach bhfuiltear cinnte faoi chruth beacht an fhoirgnimh tá a lán fíricí faoi le fáil ó Phlinias Mhór (1ú aois AD) a fuair ó lámhscríbhinní (**manuscripts**) a bhí ina sheilbh iad. Luadh é mar cheann d'Iontais an Domhain de bharr a áilleachta ní de bharr a mhéid.



Bhí an struchtúr iomlán taobh istigh de chlós iata (**enclosed courtyard**). I lár an chlóis bhí ardán cloiche ar a raibh an tuama. Shín staighre, le leoin chloiche ar an dá thaobh (**flanked**), go barr an ardáin. Bhí a lán dealbh de dhéithe agus de bhandéithe ar na ballaí amuigh (**outer**). Bhí gaiscígh chloiche ar dhroim chapail ag gach cúinne. Bloc

ard barrchaolú (**tapering**) a bhí sa tuama a shín go hairde 15 m. Bhí sé clúdaithe le rilíí ina raibh radhairc de chath inar throid na Ceintéir (**Centaurs**) agus na Gréagaigh i gcoinne na nAmasónach (arm ban) le feiceáil. Ar barr seo bhí 36 cholún tanaí, deich don taobh. Idir gach péire colún bhí dealbh. Bhí an díon pirimidiúil (le 24 céim) agus ar a bharr bhí quadriga (dealbh de ceithre chapall mhóra ag tarraingt carbaid) ina raibh dealbha de Mausolus agus Artemisia. Bhí an struchtúr 45 m ar airde ina hiomláine.



Ceaptar go raibh baint le creathanna talún ón 12ú haois anall le scriosadh an mhásailéim. Bhí sé ina fhothrach (**ruins**) i 1402 AD nuair a tháinig



Ridirí Naomh Eoin d'Iarúsailéim (na Spidiléilí de Mhálta) air agus d'úsáid siad na clocha agus na rilíí sa Chaisleán a thóg siad in Bodrum. Sa 19ú haois thóg na Sasanaigh dealbha briste agus rilíí ón suíomh ar ais go dtí Músaem na Breataine agus tá siad le feiceáil i Seomra 21 ansin i Londain faoi láthair.



“MAI YATANI IS AINM DOM”

Má bhíonn tú i *Connolly Books*, Sráid Essex idir 1.00 agus 2.00 pm aon Aoine b'fhéidir go gcaisfáidh tú ar Mai Yatani. Is ó Mhaoracht (**Prefecture**) Okayama ar phríomh oileán na Seapáine, Honshu, an bhean óg álainn seo. Fuair Mai BA agus MA (“*Gluaiseacht Athbheochan na Gaeilge sna 1880í*”) in Ollscoil Tokyo. Tháinig Mai go hÉirinn i 2012 agus anois tá sí ag déanamh dochtúireachta i Roinn na Staire, Scoil na Staire agus na Daonnachtaí, Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Átha Cliath. Is é téama a tráchtais ná “*Nósanna léitheoireachta na mban in Éirinn ag an fin-de-siècle (deireadh an 19ú haois)*”. Tá suim ag Mai i stair agus i gcultúr na hÉireann agus mar sin tá sí ag foghlaim na Gaeilge. Má chasann tú uirthi bí ag caint léi —i nGaeilge ar ndóigh! Tá sí an-chairdiúil. Beidh sí buíoch díot.



SMAOINTÍ FÁNACHA

Rita Ní Ghóilín

Sa chuan

Sa chuan
Tá sé ciúin.
Ní ciúin mar easpa fuaim
Ach ciúin i mo cheann
Ag éisteacht leis na héin
Ag smaoineamh go bhfuil mé
Ón talamh céanna
Ón uisce céanna
Ón gcruthú céanna
Is toisc go bhfuil said.
Déanta ag an lámh chéanna
Is atá mé féin
Is féidir liom
Smaointe a fhágáil san aer
Agus a bheith
I mo shuí cois cuain
Go ciúin i m'intinn
Is mo chorp
I láithreach Dé,

2014

Dá chuileog

Tá dá chuileog
Ag siúl is ag spraoi
Ar an gclúdach
A chlúdaíonn na huibheacha

Taobh leis tá cáis
Zehn stück* de
Agus cáis is slisíní
Ar phláta eile

Ach is é rogha na gcuileog
Ná cloí leis na huibheacha
Uibheacha beirithe, clúdaithe
Le clúdach is craiceann

Céard atá á dtarraingt
Le fanacht le chéile
Ar an gclúdach bán
Gan bia ann le blaiseadh?

An teas? An cairdeas?
An raibh a mbricfeasta acu
cheana?
Iompar na gcuileog,
Ceapaim nach dtuigim.

B'fhéidir nach dtuigeann siad
Muid, ag leanúint cogaidh
Nuair atá an méid rudaí
suimiúla
Is grámhar sa Domhan

Ach féach –
Tagann an tríú ceann
Agus anois ar an gclúdach bán
Tá cogadh ann.

*deich bpíosa

An Eilvéis 2014



EISEAMLÁIR DÚINN ÓN TUAISCEART

I mí na Bealtaine thug grúpa Gaeilgeoirí ó na maidineacha caife cuairt ar Ard Mhacha agus ar Iúr Chinn Trá. Chasamar ar Gaeilgeoirí na n-áiteanna sin agus d'inis siad dúinn faoin obair atá á déanamh acu chun an Ghaeilge a chur chun cinn sna bailte sin. Tá an fuinneamh, agus an díograis acu a bhí ag Gaeilgeoirí san Athbheochan Cheilteach i dtús na haoise seo caite. Tá náiscoileanna, Gaelscoileanna agus cultúrlanna bunaithe acu agus pleananna fadthéarmacha á gcur le chéile acu chun tógáil ar na fréamhacha seo.



LA PALMA SNA hOILEÁIN CHANÁRACHA

Seán Ó Fearghail



I lár an Gheimhridh ní bhíonn aon rud níos deacra a shamhlú ná teocht agus gile an tSamhraidh. Ag deireadh na bliana bhí deis agam éalú ón dorchadas agus píosa beag ama a chaitheamh ar La Palma, ceann de na hOileáin Chanáracha – agus ar ndóigh thapaigh mé an deis.

Oileán beag atá ann (25 km x 40 km), a dtugtar *La Isla Bonita* (An tOileán Álainn) air, ainm atá go hiomlán tuillte aige, agus 80,000 duine ina gcónaí air. Is é an ghné is suntasaí ar an oileán ná béal bolcáin ([volcanic crater](#)), *La Caldera de Taburiente*, a bhfuil aillte 2,400 m in airde mórthimpeall air. Tá na haillte chomh hard sin go mbíonn sioc agus oighear ar na clocha ag an mbarr, agus fiú sneachta ag luí orthu, nuair a bhíonn an ghrian ag taitneamh thíos ag an gcósta.

Tá éagsúlacht dochreidte ag baint leis na crainn agus leis na plandaí eile agus tá an chuid is mó den oileán clúdaithe le foraoisí. Braitheann an fásra ar a lán bunchúiseanna: ar an airde os cionn na farraige; ar an ionad ar an oileán – gaoth anoir aduaidh a shéideann an chuid is mó an ama agus bíonn níos mó báistí ar an taobh sin, bíonn iarthar an oileáin níos tirime agus an deisceart níos teo; ar aois na gcloch, toisc de bhunadh brúchtaí bolcánacha ([volcanic](#)



[eruptions](#)) an t-oileán ar fad agus go mbíonn roinnt ama i gceist chun ithir a dhéanamh den laibhe ([lava](#)). Bhrúcht an bholcáin is deireanaí i 1971.

Ní oileán é a rachfá ann chun do chuid ama a chaitheamh ag déanamh bolg le gréin, mar níl ach cúpla trá bheag ann. Ach is oileán iontach é chun siúl ann. Tá gréasán breá cosán marcáilte i ngach áit agus ag gach airde idir imeall na farraige agus

barr na sléibhte is airde, tá cosáin sna foraoisí, ar an talamh feirme, mórthimpeall imeall na mbéal bolcáin. Nuair a bhí mé ann chaith mé roinnt laethanta ag siúl in áiteanna éagsúla.



Mar aon leis an dúlra agus na conairí ([footpaths](#)) tá an -stair le feiceáil ar an oileán. Bhí an phríomhchathair Santa Cruz de la Palma (daonra 20,000 duine) mar an tríú calafort is tábhachtaí in impireacht na Spáinne tráth, tar éis Sevilla agus Antwerp. Is féidir flúirse tithe, séipéal, clochar agus araile ón 16^ú agus ón 17^ú

haois a fheiceáil ann. Agus creid é nó ná creid, ach ainmníodh an phríomhshráid, Calle O'Daly, as ceannaí Éireannach a bhí ina chónaí ar an oileán san 18^ú haois.

RÉCHÚISEACH!

Antóin Ó Seaghdha


Bhíomar in aerfort beag in Éirinn ag feitheamh don eitleán go dtí An Bhriotáin. Bhí sé cóngarach don am eitilte ach ní raibh aon rud ag tarlú. Ní raibh aon fhógra ná chomhartha ar an mbord. Bhí beirt fhear ina suí in aice linn ag ól caife, ag caint agus ag gáire lena chéile. Chuir m'ínion ceist orthu “*An bhfuil fhios agaibh an bhfuil an eitilt go dtí An Bhriotáin imithe fós?*”. “*Tá súil agam nach bhfuil sí imithe, mar is mise an píolóta! Beidh muid ag dul tar éis an chupáin caife seo*”, d'fhreagair duine de na fir! Réchúiseach ([laid-back](#)) an ea?



PLÚTÓN AGUS *NEW HORIZONS*

Éamonn Ó Fearacháin


Nuair a lainseáladh an taiscéalaí spáis (*space probe*), *New Horizons*, i dtreo Plútón Mí Eanáir 2006 ba phláinéad é Plútón ach 7 mí ní ba dhéanaí baineadh an t-aicmiú sin de agus tugadh abhacphláinéad (*dwarf planet*) air. Ba é An tAontas Réalteolaíoch Idirnáisiúnta, ARI, (*The International Astronomical Union, IAU*) a rinne é sin agus réalteolaí Éireannach, ba í sin Jocelyn Bell Burnell as Béal Feirste (a d'aimsigh an chéad phulsár raidió (*radio pulsar*) i 1960), a bhí ina cathaoirleach ag an gcruinniú.



Turas míorúilteach a mhair 9.5 mbliana agus 6 bhiliún ciliméadar (km) a rinne an taiscéalaí spáis ar luas 14 km gach soicind (1.2 milliún km gach lá). Shroich sé Plútón 14 Iúil 2015. Fuinneog an-ghearr a bhí aige chun an t-abhacphláinéad a scrúdú. Ní raibh an breosla (*fuel*) sa taiscéalaí chun é a mhoilliú agus cosúil le gluaisteán gan choscáin chuaigh sé thar Phlútón, 12,000 km óna dhromchla (*surface*), go tapa. Faoi seo tá sé os cionn 69 milliún km (>43 milliún míle) ó Phlútón.

Ba é an Meiriceánach Clyde Tombaugh a chéad tháinig ar an naoú “pláinéad” i 1930. Mhol cailín óg (11 bhliain d’aois) Sasanach, Venetia Phair (née Burney), an t-ainm Plútón dó. Cuireadh cuid bheag de luathreach choirp Tombaugh (a d’éag i 1999) ar bord *New Horizons* agus tugadh ainm Venetia (a d’éag i 2009) ar cheann de na gléasanna (*instruments*) ann.

Pláinéad beag (an séú chuid den Ghealach) é Plútón le hatmaisféar tanaí déanta de nítrigin, meatán (*methane*) agus aonocsaíd charbóin (*carbon monoxide*). Tá sé an-fhada uainn, 6 billiún km. Tógann sé 5 huairde a chloig chun craoladh raidió (*radio broadcast*) ó Phlútón an Domhan a shroicheadh. I 1978 aimsíodh gealach (satailít) Carón ag dul timpeall Plútóin. Tá sé leath chomh mór le Plútón féin. Thángthas ar 4 shatailít bheaga eile (Stios, Nix, Hydra, Kerberos) ó shin.



Fiú amháin leis an spásteileascóp Hubble ní rabhthas in ann aon struchtúir a fheiceáil ar an abhacphláinéad nó ar a shatailít Carón. Ní raibh ann ach daba (*blob*) beag bán. Tá grianghraif ó *New Horizons* i bhfad níos fearr ná na cinn ó Hubble. Anois tá fhios againn go bhfuil tírghné ilchineálach (*diverse landform*) ag Plútón ina bhfuil sléibhte 11,000 troigh ar airde (trí nó ceithre huairde níos airde ná Corrán Tuathail) dumhcha (*dunes*), oighear nítrigin (*nitrogen ice*) agus cráitéir (*craters*).

1916 AGUS AN GHAEILGE - BÉAL FEIRSTE

Beidh Comhdháil dhá lá i gcampas Bhéal Feirste d’Ollscoil Uladh (Sráid York) ar an 2ú agus 3ú Deireadh Fómhair faoi theidil “1916 agus an Ghaeilge”. Beidh na himeachtaí go léir, léachtaí agus díospóireachtaí, trí Ghaeilge, mar shampla, “*Imeachtaí 1916 agus a n-iarmhairtí (consequences)*” agus araile.




Féach ar: <http://arts.ulster.ac.uk/icsri/wp-content/uploads/2015/09/ÉLL-15-Idirlíon.pdf>
Tuilleadh eolais agus clárúcháin: 028 9074 9688



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-16

TRASNA

SÍOS



| | |
|----|-----------------|
| 1 | lecture (6) |
| 5 | hope (6) |
| 10 | network (7) |
| 11 | orange (7) |
| 12 | ringfort (4) |
| 13 | crook (5) |
| 15 | permission (4) |
| 17 | objection (3) |
| 19 | miserable (6) |
| 21 | historian (6) |
| 22 | mine (7) |
| 23 | rub (6) |
| 25 | oily (6) |
| 28 | at them (3) |
| 30 | rude (4) |
| 31 | wonderful (5) |
| 32 | sigh (4) |
| 35 | walk (7) |
| 36 | caretaker (7) |
| 37 | convenience (3) |
| 38 | year (6) |
| 39 | lesson (6) |

| | |
|----|------------------|
| 2 | violence (7) |
| 3 | hazel (4) |
| 4 | cordage (6) |
| 5 | disco (6) |
| 6 | board (4) |
| 7 | journey (7) |
| 8 | blighted (6) |
| 9 | epicure (6) |
| 14 | youth (7) |
| 16 | refusal (5) |
| 18 | another day (5) |
| 20 | drip (3) |
| 21 | ski (3) |
| 23 | causeway (6) |
| 24 | remote place (7) |
| 26 | fresh bloom (7) |
| 27 | liquid (6) |
| 28 | fool (6) |
| 29 | neck-chain (6) |
| 33 | coat (4) |
| 34 | hard (4) |



CUARDACH FOCAL 16

an chorp 1/ the body 1

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C | G | Ó | E | C | A | F | A | B | H | R | A | U | L | C |
| R | A | L | O | B | É | A | L | N | I | A | D | É | A | D |
| O | U | É | L | A | E | B | É | L | A | H | G | A | É | B |
| I | R | M | S | Ó | R | S | A | U | L | C | E | D | S | O |
| M | A | Ó | L | S | M | G | I | A | B | H | R | A | R | P |
| E | G | R | M | I | G | I | É | M | I | G | I | N | O | U |
| Á | H | C | R | Ú | Ú | M | I | S | Ú | I | A | L | N | L |
| L | A | B | L | L | I | S | A | H | G | A | L | A | M | L |
| L | I | F | G | O | U | R | G | D | E | Á | O | C | L | Á |
| A | D | E | R | A | I | L | O | P | I | C | P | L | É | I |
| M | H | C | B | A | R | G | S | R | S | L | L | O | B | R |
| L | F | Á | L | H | R | A | E | G | R | U | A | I | G | S |
| O | D | O | É | L | R | B | F | A | Ó | S | R | E | O | N |
| E | E | M | A | I | A | M | U | I | N | E | Á | L | A | M |
| B | A | É | L | D | A | E | A | D | A | N | I | Ó | R | S |



| | |
|-------------------------|-----------------------|
| aghaidh (face) | féasóg (beard) |
| beola (lips) | gruaig (hair) |
| béal (mouth) | mala (eyebrow) |
| cloigeann (head) | muineál (neck) |
| cluas (ear) | polláire (nostril) |
| croiméal (moustache) | smig (chin) |
| éadan (forehead) | srón (nose) |
| fabhra (eyelash) | súil (eye) |



AN SCRÍBHNEOIR AR AN mBALLA

Pádraig Mac Éil

Má shiúlann tú isteach i leabharlann Ráth Eanaigh féach ar an mballa atá ar do thaobh clé agus feicfidh tú liosta d’ainm na scríbhneoirí liteartha a chónaigh nó a chónaíonn sna ceantair máguaird. *“Raheny and Beyond: a literary heritage”*. Ar an chéad líne, i litreacha troma tá ainm atá ar eolas ag a lán de léitheoirí na hirise seo, **Seán Ó Meara**. Rugadh Seán i 1933 agus ní raibh sé ach 16 nuair a foilsíodh aiste dá chuid faoi Oscar Wilde. Foilsíodh filíocht leis ina dhiaidh sin in *Irish Writing, Poetry Ireland, The Dubliner, Dublin Magazine, Structure Magazine*, agus araile. Foilsíodh a chéad bhailiúchán, *Skinner’s Fancy (Profile Press)* i 1979 agus dúirt an t-úrscéalaí Kate Ó’Brien go raibh a dhán fada, *“The Rape of Europa”* ar ard-chaighdeán. I 1962 tháinig a shraith eog dánta fada (long poem sequence), *“Rembrandt of the Liberties”* sa dara háit sa Duais AE – bhí John McGahern agus *“The Barracks”* sa chéad áit. Scríobh sé cláir fhaisnéise

(documentaries) agus drámaí don raidió idir 1976-1980. Tá dánta leis i gceithre dhuanaire: *Irish Poets 1922/1974; Penguin Book of Irish Verse; A Rich and Rare Land* agus *The Limerick Anthology*.



Luigh sé chun na Gaeilge ó 2000 agus ó shin i Leith tá trí leabhar dá chuid foilsithe ag Coiscéim, *An Cine Dána*, (aistí beathaisnéise faoi na 1940í agus na 1950í i mBaile Átha Cliath, an grá agus an ghruaim, an ceol agus an chraic, agus na healaíona), *Gus d’Aon Turas* (turas rothaíochta a thug sé sna 1960í in Éirinn agus san Eoraip agus ceisteanna casta cultúir, féiniúlachta agus léirscríos an duine á chíoradh ina intinn aige) agus *“Ach a Mhuirín, a Agaistín”* (Agaistín ar thurais chun aithne a chur ar an Domhan agus air féin, tríd an Eoraip agus an Domhan Arabach, corraíl staire na sibhialtacha éagsúla agus todhchaí a shaoil féin). Scríobh sé dhá dhráma (*Inis Dorochta* agus *Tristán agus Ísóilt*) agus dosaen amhrán i nGaeilge freisin.

CROSFHOCAL BG XBG-15: RÉITEACH

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|----|---|---|----|---|----|----|---|----|---|----|----|----|---|----|---|----|----|---|----|---|--|
| | 1 | G | A | I | 3 | R | I | 4 | D | | 5 | P | L | 6 | U | A | 7 | I | S | | |
| 8 | F | | I | | O | | Í | | | | | I | | M | | S | | | 9 | A | |
| 10 | L | Á | N | S | T | A | D | | | 11 | O | G | A | S | T | Ú | N | | | | |
| | O | | G | | H | | E | | | | | | R | | E | | | | | C | |
| 12 | C | N | E | Á | | | | 13 | G | A | 14 | L | R | Ú | | 15 | D | A | T | H | |
| | A | | A | | 16 | S | | 17 | N | U | A | | | 18 | T | | C | | | O | |
| 19 | S | A | L | A | N | 20 | N | | | | | 21 | L | O | B | H | 22 | A | R | | |
| | | | | | 23 | Á | I | T | H | E | A | S | | | | | | | | G | |
| 24 | M | I | 25 | A | N | T | A | | | | | 26 | G | A | N | 27 | D | A | 28 | L | |
| | A | | N | | H | | | 29 | S | I | 30 | L | | | Í | | Ú | | | A | |
| 31 | G | L | A | O | | | | 32 | T | I | R | I | M | | | 33 | A | G | U | S | |
| | A | | L | | 34 | S | | N | | | | | | 35 | A | | H | | | A | |
| 36 | D | O | L | É | I | T | E | | | | | 37 | C | A | S | A | O | I | D | | |
| | H | | Ó | | A | | | 38 | Á | D | H | | | A | | | R | | | H | |
| | | | | | 39 | O | D | H | R | Á | N | | | 40 | T | A | L | A | M | H | |

CUARDACH FOCAL 15: RÉITEACH

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| D | S | A | E | N | Í | V | R | I | U | C | R | A | E | M |
| I | A | M | T | R | É | N | É | I | P | T | I | Ú | N | R |
| G | N | É | S | I | S | A | R | T | A | H | P | Ú | I | |
| I | V | E | N | S | O | A | C | H | G | E | C | T | S | A |
| R | Í | E | N | O | H | T | M | D | M | E | A | R | S | C |
| D | A | T | N | O | C | A | Á | R | R | O | E | A | G | R |
| S | N | A | I | U | R | R | G | N | O | E | D | R | E | A |
| A | U | P | R | S | T | N | E | I | M | Ú | I | N | A | E |
| T | H | N | Ú | A | Ó | C | R | A | H | A | Ó | G | L | M |
| O | C | T | Á | S | T | R | O | I | N | E | R | S | I | S |
| R | A | R | S | R | T | A | R | I | G | S | A | T | C | T |
| N | L | N | Ó | T | Ú | L | P | I | M | I | T | N | H | A |
| M | A | R | R | S | L | A | E | Ú | T | É | S | R | Ó | M |
| N | E | N | Ú | T | P | R | A | C | I | R | A | E | M | S |
| E | G | E | I | R | D | S | T | I | G | E | R | D | R | A |

Bhí botún i CF 15 - gabh mo leithscéal.

SEANFHOCAL

Níl saoi gan locht! To err is human!

NA BRÓGA CAILLTE

Cecily O'Donovan

Nuair a bhí mise óg, bhí orm bróga láidre a chaitheamh, mar bhí fadhb siúlóide agam. Níor thaitin na bróga sin liom, mar bhíodar mór agus trom—cosúil le buataisí. Bhí éad orm roimh mo dheirfiúracha, toisc go raibh bróga ní ba éadroime acusan, ach ní cheannódh mo mháthair bróga mar sin domsa. Dúirt sí go gcaithfinn cloí le horduithe an dochtúra.

Samhradh amháin, chuaigh an teaghlach go léir ar saoire go dtí Co. Chiarraí, in aice na farraige. Bhíomar ag fanacht i dteach saoire i mBaile Thaidhg, áit a bhfuil trá fairsing lena hais. Lá amháin, chuaigh mé féin agus deirfiúr amháin síos ar an trá. Bhíomar ag súgradh ar feadh tamaill, agus ansin thosaigh mise ag gearán faoi mo bhróga troma. Shíl mé gur cailleacha gránna iad, toisc go raibh siad dubh. Theastaigh uaim iad a chur chun báis. Mhol mo dheirfiúr dom poll a thochailt (**dig**) sa ghaineamh agus na bróga a adhlacadh. Thosaíomar ag tochailt agus rinneamar poll domhain. Chuireamar na bróga isteach sa pholl agus chlúdaíomar leis an ngaineamh (**sand**) iad. Bhíomar lánsásta lenár n-obair.



Ach, ní róshásta a bhí mo mháthair nuair a tháingamar abhaile agus mé cosnochta (**barefoot**). D'fhéach sí go géar orm agus d'fhiafraigh cá raibh mo bhróga? Tháinig beagán inní orm ach d'fhreagair mé gur fhág mé ar an trá iad. D'éiligh sí go rachainn ar ais agus na bróga a thógáil abhaile. Is ansin a thosaigh na fadhbanna. Nuair a chuamar ar ais go dtí an trá, ní rabhamar in ann na bróga a aimsiú, ní raibh aon lorg orthu. Ní rabhamar in ann a chuimhneamh cá háit ar adhlacadh (**buried**) iad. Bhí orm teacht abhaile cosnochta arís.

Thóg mo thuismitheoirí láí (**spade**) ar iasacht ón bhfeirmeoir, agus chuaigh siad ag tochailt ar feadh tréimhse. B'obair in aisce í i ndáiríre. Bhí aiféala orm anois, mar thuig mé go raibh siad cráite. Faoi dheireadh, d'éirigh siad as, agus tháingamar go léir abhaile. Bhí faitíos orm go ngearrfaí pionós éigin orm, ach caithfidh mé admháil nach raibh mo thuismitheoirí dian orm. Chroith siad a nguailí, agus ghlac siad leis go raibh na bróga cailte. D'fhéach mo mháthair go díomách orm agus dúirt go gcaithfainn fanacht cosnochta ar feadh na laethanta saoire. Níor airigh mise gur pionós ar bith é a bheith cosnochta, mhothaigh mé go bhfuair mé duais as mo dhánacht.



Nuair a tháingamar ar ais go Baile Átha Cliath, d'inis mo mháthair an scéal don dochtúir, ach dúirt seisean nach raibh aon díobháil déanta, go raibh mo chosa ag feabhsú, agus b'fhéidir go ndearna sé maitheas do na matáin a bheith cosnochta. Mhol sé do mo mháthair mé a ligean cosnochta nuair a bheinn sa teach. Nach mise a bhí sásta!

dúchas.ie **MEITHEAL DÚCHAS - OBAIR DHEONACH DON FHÓMHAR** dúchas.ie

I 1937, thug Coimisiún Béaloidis Éireann spreagadh do leanaí scoile chun béaloideas agus stair áitiúil a bhailiú agus a dhoiciméadú. Bailíodh breis is leath milliúin leathanach lámhscríbhinní. Is tionscnamh é **Dúchas** chun *Bailiúchán Lámhscríbhinní na Scol* a chur ar fáil ar an idirlíon (www.duchas.ie) Tá cuireadh á thabhairt ag **Meitheal Dúchas.ie** d'úsáideoirí an tsuimh tras-scríobh a dhéanamh, ar bhonn deonach, ar scéalta Gaeilge an Bhailiúcháin. Is deis í seo duitse cur le scaipeadh an ábhair lseo agus léargas níos doimhne a fháil ar Bhailiúchán na Scol. Tá 55,091 leathanach le fáil le trans-scríobh. Féach ar <http://www.duchas.ie/ga/cbes/trans> chun an méid atá trans-scríofa faoi seo a fheiceáil. Má tá fonn ort cabhrú leo cláraigh nó logáil isteach ag <http://www.duchas.ie/ga/meitheal/in>.